



Ráiteas maidir leis na forálacha iomchuí den Bhunreacht i ndáil le Dáilcheantair agus maidir le staidreamh daonra a bhaineann le Dáilcheantair agus le toghlaigh Pharlaimint na hEorpa

Réamhrá

Le halt 59(2) den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 ceanglaítear ar gCoimisiún um Thoghlaigh ráiteas a ullmhú ina leagfar amach forálacha iomchuí an Bhunreachta i ndáil le Dáilcheantair a gceanglaítear ar an gCoimisiún um Thoghlaigh aird a thabhairt orthu agus a thuarascáil a ullmhú. Le halt 59(2) freisin, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráitis a ullmhú, bunaithe ar an daonra arna leagan amach sa Tuarascáil Réamhthorthaí an Daonáirimh, do na Dáilcheantair agus toghlaigh Pharlaimint na hEorpa atá i bhfeidhm faoi láthair. D'ullmhaigh an Coimisiún um Thoghlaigh an ráiteas seo i gcomhréir le ceanglais Acht 2022. Tá alt 57 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 ina dtugtar mionsonraí faoi fheidhm agus faoi théarmaí tagartha an Choimisiúin um Thoghlaigh maidir le hathbhreithniú ar theorainneacha Dáilcheantair leagtha amach ar leathanach 9 den ráiteas seo.

Dáilcheantair

Tá na Dáilcheantair atá i bhfeidhm faoi láthair leagtha amach san [Acht Toghcháin \(Leasú\) \(Dáilcheantair\) 2017](#) a achtaíodh mar thoradh ar [Thuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh 2017](#).

Forálacha Bunreachta i dtaca le Dáilcheantair

Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 16.2.2° den Bhunreacht:

“Socrófar líon comhaltaí Dháil Éireann le dlí ó am go ham ach ní cead a lánlíon a bheith faoi bhun comhalta in aghaidh gach tríocha míle den daonra, ná os cionn comhalta in aghaidh gach fiche míle den daonra.”

Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 16.2.3° den Bhunreacht:

“An chomhréir a bheas idir an líon comhaltaí a bheas le toghadh aon tráth le haghaidh gach dáilcheantair ar leith agus daonra gach dáilcheantair ar leith,

de réir an daonáirimh is déanaí dá ndearnadh roimhe sin, ní foláir í a bheith ar cothrom, sa mhéid gur féidir é, ar fud na dúiche uile."

Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 16.2.4° den Bhunreacht:

"Ní foláir don Oireachtas na dáilcheantair a athmheas uair ar a laghad sa dá bhliain déag ag féachaint go cuí d'aon athruithe ar shuíomh an daonra....."

Tá téacs Airteagal 16.2 den Bhunreacht leagtha amach ina iomláine ar leathanach 8 den ráiteas seo.

Comhionannas ionadaíochta - Cásanna cúirte

Tá ceist an chomhionannais ionadaíochta ar fud na dáilcheantair breithnithe ag na cúirteanna roinnt uaireanta.

In *O'Donovan v. An tArd-Aighne* [1961] I.R. 114, chinn an chúirt go raibh an tAcht Toghcháin (Leasú) 1959 neamhbhunreachtúil toisc nach raibh an chomhréir idir comhaltaí agus an daonra, a mhéid ab indéanta, mar a chéile ar fud na tíre agus toisc nár tugadh aird chuí ar na hathruithe ar dháileadh an daonra. Chinn Budd J. gurb é atá i mórphrionsabal Airteagal 16.2.3 ná "go mbeadh ionadaíocht parlaiminteach den daonra ag nó chomh gar is gur féidir is go mbeadh comhionannas a bhaint amach, agus aird mar is cuí á tabhairt ar dheacrachtaí praiticiúla." In *O'Donovan*, ba é a bhí san athrú ab airde ón meán in aghaidh an dáilcheantair ná figiúr thart ar 25%. Níor leag an Chúirt síos cén t-athrú ón meán náisiúnta a mheasfaí a bheith ceadaithe ach dúirt an chúirt an méid seo a leanas -

"Ba chóir aird a thabhairt ar phointe tábhachtach amháin. Ní hé an t-ardú nó an titim daonra in aon dáilcheantar ar leith a dtabharfar aird 'is cuí' air. Is rud i bhfad níos leithne ná sin é. Is iad na dáilcheantair féin a chaithear a athbhreithniú chun éifeacht a thabhairt do na hathruithe atá ar dháileadh an daonra a bhfuil machnamh á dhéanamh orthu. Ní mór iad siúd, na toghlaigh, a fhoirmiú agus a athbhreithniú ionas go dtabharfar éifeacht do na hathruithe."

Ina dhiaidh sin, rith an tOireachtas an Bille Toghcháin (Leasú) 1961. Bhí na hathruithe go léir ón meánionadaíocht náisiúnta sna dáilcheantair, mar a bhí leagtha amach sa Bille, laistigh de 1,000 ón meándaonra in aghaidh an chomhalta. De bhun Airteagal 26 den Bhunreacht, chuir an tUachtarán an Bille sin faoi bhreith na Cúirte Uachtaráí féachaint an raibh an Bille in aghaidh an Bhunreachta nó in aghaidh aon fhorála de.

Ina breith, a tuairiscíodh i [\[1961\] IR 169](#), thug an Chúirt an méid seo a leanas le fios ar leathanach 183:

“Aithnítear san fhochlásal [i.e. Airteagal 16.2.3^o] nach dócha go bhfaighfear paireacht chruinn sa chóimheas idir comhaltaí agus daonra gach toghlach agus nach bhfuil gá léi. Is faoi dhlínse an Oireachtais atá an cinneadh faoina bhfuil indéanta. D’fhéadfaí fachtóirí éagsúla a chur san áireamh go réasúnta, mar shampla a inmhianaithe, chomh fada agus is féidir, cloí le teorainneacha aithnidiúla ar nós na contaetha, na bailte fearainn agus na toghranna. D’fhéadfaí go gcaithfí deighiltí cruthaithe ag gnéithe fisiceacha ar nós aibhneacha, locha agus sléibhte a chur san áireamh freisin. Is fadhb don Oireachtas go príomha í an fhadhb a bhaineann lena bhfuil indéanta, a bhfuil eolas ag a chomhaltaí ar na fadhbanna agus na deacrachtaí atá le réiteach nach féidir leis an gCúirt seo a bheith acu. Níor cheart don Chúirt seo a chinneadh a athbhreithniú mura bhfuil sárú soiléir ar an Airteagal. Ní féidir leis an gCúirt seo, mar a mholtar, figiúr a leagan síos os cionn nó faoina bhun nach gceadaítear éagsúlacht ar a dtugtar an meán náisiúnta.”

I dtéacsleabhair dlí agus i dtuarascálacha ó roinnt Choimisiúin um Thoghlaigh thar na blianta, tá tagairt déanta do dhifear caighdeánach 5% mar difear a measadh ina leith i gcás O’Donovan gur difear inghlactha é, ag féachaint d’Airteagal 16.2.3 den Bhunreacht. Ach i gcásanna uamtha *Murphy v. an tAire Comhshaoil* agus *Molloy v. an tAire Comhshaoil* [\[2007\] IEHC 185](#) bhí Clarke J. den tuairim nárbh fhéidir aon tairseach uilechoiteann den sórt sin a bhunú agus lean sé an treoir a bhí tugtha ag an gCúirt Uachtarach agus atá luaite thuas. Luaigh sé nárbh ionann na figiúirí a ndearna Budd J. dóibh in *O’Donovan* agus difear 5% ach, seachas sin, gur difear idir 1% agus 1.66% a bhí ann. Thug sé an méid seo a leanas le fios -

“Ní hé sin le rá, i dtéarmaí ginearálta, gur comaoin chúí é farasbarr 5% nó nach ea. Is í an fhírinne ná go bhféadfadh sé a bheith ag brath ar a mhéid gur féidir na fachtóirí ábhartha eile go léir a chomhlíonadh i gceart laistigh den chorrach sin nó laistigh de chorrach níos lú. Ní dhéanaim trácht ar na hábhair seo ach amháin chun a aithint nach cosúil go bhfuil bonn cirt leis an dearbhú gur údarás é O’Donovan maidir le hinghlacthacht corrlach 5%.”

Toghlaigh Pharlaimint na hEorpa

Tá toghlaigh Pharlaimint na hEorpa atá i bhfeidhm faoi láthair leagtha amach san [Acht Um Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa \(Leasú\) 2019](#), i gcomhréir leis na moltaí atá ann sa [Tuarascáil](#) maidir le Toghlaigh Pharlaimint na hEorpa 2018

Is é 13 líon iomlán na n-ionadaithe atá le toghadh sa Stát chuig Parlaimint na hEorpa arna shonrú de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach i gcomhréir le cinneadh na Comhairle Eorpaí an 28 Meitheamh 2018.

Staitisticí daonra do dháilcheantair

Sna táblaí thíos, tá na mionsonraí seo a leanas maidir le gach Dáilcheantar agus i ndáil le gach toghlach Pharlaimint na hEorpa, ar bhonn na sonraí daonra atá faighte ó [Dhaonáireamh 2022 - Réamhthorthaí](#) (a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar an 23 Meitheamh 2022). Léiríonn na sonraí sin méadú foriomlán thart ar 361,671 ar an daonra, an mórchuid i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Dáilcheantair

- daonra an dáilcheantair sa bhliain 2022;
- an líon Teachtaí Dála atá socraithe in aghaidh an dáilcheantair faoin [Acht Toghcháin \(Leasú\) \(Dáilcheantair\), 2017](#);
- an daonra in aghaidh an Teachta Dála sa bhliain 2022; agus
- an difear daonra céatadánach in aghaidh an Teachta Dála sa dáilcheantar lena mbaineann i gcomparáid leis an meándaonra náisiúnta in aghaidh an Teachta Dála sa bhliain 2022.

Léiríonn Réamhthorthaí an Daonáirimh gurb é atá sa mheándaonra in aghaidh an TD, i gcás 160 Teachta Dála, ná figiúr níos airde ná 30,000. Chun Airteagal 16.2.2^o den bhunreacht a chomhlíonadh ní mór líon na dTeachtaí Dála a mhéadú. Forálann alt 57(2)(a) den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 nach lú ná 171 agus nach mó ná 181 líon iomlán comhaltaí Dháil Éireann, faoi réir Airteagal 16.2.2^o den Bhunreacht.

Toghlaigh Pharlaimint na hEorpa

- daonra an toghlaigh sa bhliain 2022;
- an líon comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa atá socraithe faoin [Acht Um Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa \(Leasú\) 2019](#);
- an daonra in aghaidh an Fheisire de Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 2022; agus
- an difear daonra céatadánach in aghaidh an Fheisire de Pharlaimint na hEorpa sa toghlach lena mbaineann i gcomparáid leis an meándaonra náisiúnta in aghaidh an Fheisire de Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 2022.

Dáilcheantair Reatha				
Dáilcheantar	Daonra 2022 (réamhfhigiúirí)	An líon Teachtaí Dála	Daonra in aghaidh an TD	Difear mar %
Ceatharlach-Cill Chainnigh	165,616	5	33,123	3.44
An Cabhán-Muineachán	150,238	5	30,048	-6.17
An Clár	127,419	4	31,855	-0.52
Corcaigh Thoir	130,930	4	32,733	2.22
Corcaigh Thuaidh-Lár	131,341	4	32,835	2.54
Corcaigh Thiar Thuaidh	96,012	3	32,004	-0.06
Corcaigh Theas-Lár	130,716	4	32,679	2.05
Corcaigh Thiar Theas	92,232	3	30,744	-3.99
Dún na nGall	156,990	5	31,398	-1.95
Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh	155,905	5	31,181	-2.63
Cuan Bhaile Átha Cliath Theas	126,714	4	31,679	-1.07
Baile Átha Cliath Láir	123,165	4	30,791	-3.84
Baile Átha Cliath - Fine Gall	170,690	5	34,138	6.61
Baile Átha Cliath Thiar-Meán	130,415	4	32,604	1.82
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh	90,219	3	30,073	-6.09
Baile Átha Cliath - Ráth an Dúin	101,155	3	33,718	5.30
Baile Átha Cliath Theas-Lár	127,169	4	31,792	-0.72
Baile Átha Cliath Thiar Theas	158,636	5	31,727	-0.92
Baile Átha Cliath Thiar	134,331	4	33,583	4.87
Dún Laoghaire	132,302	4	33,076	3.29
Gaillimh Thoir	97,016	3	32,339	0.99
Gailliamh Thiar	154,596	5	30,919	-3.44
Ciarraí	155,258	5	31,052	-3.03
Cill Dara Thuaidh	134,354	4	33,589	4.89
Cill Dara Theas	125,703	4	31,426	-1.86
Laois-Uíbh Fhailí	161,245	5	32,249	0.71
Cathair Luimnigh	120,639	4	30,160	-5.82
Contae Luimnigh	89,479	3	29,826	-6.86
Longfort-An Iarmhí	133,056	4	33,264	3.88
Lú	167,012	5	33,402	4.31
Maigh Eo	131,353	4	32,838	2.55
An Mhí Thoir	98,662	3	32,887	2.70
An Mhí Thiar	98,935	3	32,978	2.99
Ros Comáin-Gaillimh	92,189	3	30,730	-4.04
Sligeach-Liatroim	122,760	4	30,690	-4.16
Tiobraid Árann	162,987	5	32,597	1.80
Port Láirge	127,085	4	31,771	-0.78
Loch Garman	163,527	5	32,705	2.13
Cill Mhantáin	155,485	5	31,097	-2.89
Iomlán	5,123,536	160	32,022	

Toghlaigh Reatha Pharlaimint na hEorpa				
Toghlach	Daonra 2022 (réamhfhigiúirí)	An Líon Feisirí de Pharlaimint na hEorpa	Daonra in aghaidh an Fheisire de Pharlaimint na hEorpa	Difear mar % ón meándaonra náisiúnta in aghaidh an Fheisire de Pharlaimint na hEorpa
Baile Átha Cliath	1,450,701	4	362,675	-7.98
An Lár Tíre-An tIarthuaisceart	1,649,784	4	412,446	+4.65
An Deisceart	2,023,051	5	404,610	+2.66
Iomlán	5,123,536	13		

BUNREACT NA hÉIREANN

Airteagal 16 - DÁIL ÉIREANN

16. 2 1°	1°	Ionadóirí do dháilcheantair a shocraítear le dlí comhaltas Dháil Éireann.
	2°	Socrófar líon comhaltaí Dháil Éireann le dlí ó am go ham ach ní cead a lánlíon a bheith faoi bhun comhalta in aghaidh gach tríocha míle den daonra, ná os cionn comhalta in aghaidh gach fiche míle den daonra.
	3°	An chomhréir a bheas idir an líon comhaltaí a bheas le toghadh aon tráth le haghaidh gach dáilcheantair ar leith agus daonra gach dáilcheantair ar leith, de réir an daonáirimh is déanaí dá ndearnadh roimhe sin, ní foláir í a bheith ar cothrom, sa mhéid gur féidir é, ar fud na dúiche uile.
	4°	Ní foláir don Oireachtas na dáilcheantair a athmheas uair ar a laghad sa dá bhliain déag ag féachaint go cuí d'aon athruithe ar shuíomh an daonra; ach athruithe ar bith dá ndéanfar ar na dáilcheantair ní thiocfaid i bhfeidhm i rith ré na Dála a bheas ina suí le linn an athmheasta sin.

- 5° Is de réir na hionadaíochta cionúire agus ar mhodh an aonghutha inaistrithe a thoghfár na comhaltaí.
- 6° Ní cead dlí a achtú a bhéarfadh faoi bhun triúir an líon comhaltaí a bheas le toghadh d'aon dáilcheantar.

An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 - Cuid II - Tuarascálacha athbheithnithe ar Thoghlaigh

57. (1) (a) I gcás ina bhfuil athbheithnithe toghlach déanta ag an gCoimisiún faoi alt 56(1)(a), ullmhóidh sé tuarascálacha ina mbeidh moltaí an Choimisiúin maidir le:

- (i) na dáilcheantair chun comhaltaí a thoghadh chun Dáil Éireann;
- (ii) toghlaigh chun comhaltaí a thoghadh chun Parlaimint na hEorpa.

(b) I gcás ina bhfuil athbheithnithe toghlach déanta ag an gCoimisiún faoi alt 56(1) (b) ullmhófar tuarascáil ina mbeidh na moltaí ón gCoimisiún maidir leis na toghlaigh chun comhaltaí do Pharlaimint na hEorpa a thoghadh.

(c) Is féidir a bheith san áireamh le tuarascáil faoi ailt (a) nó (b) cibé moltaí a mheasann an Coimisiún a bheith cuí maidir le hathrú na dtoghlach a dtagraítear dóibh sna hailt seo.

(2) Le linn don Choimisiún tuarascáil a ullmhú faoi fho-alt (1)(a)(i), beidh aird ag an gCoimisiún, le linn dó forálacha iomchuí an Bhunreatha i ndáil le dáilcheantair Dála a urramú, ar na nithe seo a leanas:

(a) ní bheidh níos lú ná 171 agus níos mó ná 181 maidir le líon iomlán chomhaltaí Dháil Éireann, faoi réir Airteagal 16.2.2 den Bhunreacht;

(b) toghfaidh gach dáilcheantar 3, 4 nó 5 chomhalta;

(c) seachnófar sárú teorainneacha contae a mhéid is féidir;

(d) beidh gach dáilcheantar comhdhéanta de limistéir thadhlaigh

(e) tabharfar aird ar ghnéithe geografacha ag cur gnéithe fisiceacha suntasacha agus méid agus dlús an daonra i ngach dáilcheantar san áireamh;

(f) faoi réir an ailt seo, déanfaidh an Coimisiún iarracht leanúnachas a choimeád maidir le socrú na dtoghlach.

(3) Le linn don Choimisiún tuarascáil a ullmhú faoi fho-alt (1)(a)(ii) nó (1)(b), tabharfaidh sé aird ar na nithe seo a leanas:

(a) an líon iomlán comhaltaí Parlaimint na hEorpa a bheidh le toghadh sa Stát, arb é sin an líon a shonrófar i láthair na huaire de bhun na gconarthaí lena rialaítear an tAontas Eorpach;

(b) an gá atá le comhionannas réasúnta ionadaíochta ann amhail idir na toghlaigh;

(c) na nithe a shonraítear sna hailt (b) go (f) d'fho-alt (2).

(4) Measfar nach bhfoláionn an tagairt i bhfo-alt (2)(c) do theorainneacha contae, tagairt do theorainn cathrach nó d'aon theorainn idir aon cheann den dá chontae de chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas.

(5) D'fhéadfadh tuarascáil ón gCoimisiún faoin alt seo a léiriú, i dtuairim an Choimisiúin maidir le fo-alt (2) nó (3), nach gá aon athrú a dhéanamh ar na toghlaigh lena mbaineann an tuarascáil.